Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2018

S69/17

Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – *Tionscadal*

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Treoracha d'Údaráis na Scoileanna agus do na Múinteoirí Ealaíne

Eisítear scrúdpháipéar amháin (Códuimhir S50T/52T) don Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, Tionscadal ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal.

Ba chóir na treoracha a leanas a léamh **in éineacht leis an scrúdpháipéar agus le Ciorclán S68/08**. Tá an ciorclán sin, ina bhfuil cuntas ar na coinníollacha faoina nglacfar le hobair chúrsa le haghaidh measúnú, ar fáil ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie.

- Ní mór cóip de scrúdpháipéar 2018, **An Teastas Sóisearach – Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – Tionscadal**, a thabhairt do gach iarrthóir ar **2 Deireadh Fómhair, 2017**.

- Ní mór an Tionscadal a bheith críochnaithe faoi **1 Bealtaine, 2018**.

- Ní mór don iarrthóir roghnú cé acu ar an Ardleibhéal nó ar an nGnáthleibhéal a chuirfidh sé/sí isteach a c(h)uid oibre.

Tá na **réimsí staidéir** seo i gceist in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – Tionscadal:

(a) Staidéir dhéthoiseacha (2T)
(b) Staidéir thacaíochta don 2T
(c) Staidéir thríthoiseacha (3T)
(d) Obair Roghnach*
(e) Staidéir thacaíochta don 3T agus don Obair Roghnach

**Tá liosta de na Roghanna is coitianta ar an scrúdpháipéar. Tá an liosta iomlán le fail sa siollabas le haghaidh Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh sa Teastas Sóisearach ar an suíomh www.education.ie.*

Measúnú

Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an Tionscadal:

75 marc – ULLMHÚCHÁN: taighde agus fiosrúchán ina n-úsáidtear meáin éagsúla.
75 marc – FORBAIRT: staidéir a léiríonn céimeanna cruthaitheacha indibhidiúla.
120 marc – CUR I gCRÍCH: na saothair chríochnaithe 2T agus 3T.
30 marc – STAIDÉIR THACAÍOCHTA: obair fhíseach agus scríofa a bhaineann leis an tionscadal.

ULLMHÚCHÁN AGUS FORBAIRT

Ba chóir do na hiarrthóirí tosú le foinsí ó na staidéir 2T, 3T nó ó na Staidéir Thacaíochta chun a gcuid smaointe a fhorbairt, agus iad ag obair ó rud a bhfuil siad ag breathnú air nó ó rud a shamhlaíonn siad nó ón dá rud in éineacht. Ní miste iarrthóirí a spreagadh chun taiscéaladh a dhéanamh ar an réimse iomlán téamaí atá ar fáil agus téama a roghnú a dhéanfaidh éasca dóibh freagairt bhríomhar phearsanta a fhorbairt.

Tá cead ag na hiarrthóirí an obair do na réimsí riachtanacha staidéir a dhéanamh in aon ord is maith leo. Nuair a bheidh an saothar críochnaithe, is cóir rogha ábhartha de na staidéir ullmhúcháin a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre, a ghreamú ar bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

Is cuid riachtanach den tionscadal na Staidéir Ullmhúcháin agus ní mór íomhánna an iarrthóra féin a bheith iontu, íomhánna ón mbreathnóireacht agus / nó ón tsamhlaíocht. Breathnóireacht agus taifeadadh fírinneach a theastaíonn: ba chóir go mbeadh ar chumas iarrthóirí breathnú go grinn ar nithe, anailís a dhéanamh orthu, taifeadadh a dhéanamh agus nithe a chur in iúl go soiléir, agus iad ag baint úsáid as réimse cur chuige a chuimsíonn gnéithe den ealaín agus den dearadh.

Ba chóir do na hiarrthóirí céimeanna an ullmhúcháin agus na forbartha den tionscadal a úsáid chun a gcuid smaointe a thaiscéaladh agus a thabhairt chun barr feabhais mar mhaithe le coincheap físeach a chur in iúl, chomh maith lena gcuid eolais ar an téama, ar na meáin roghnaithe agus ar na hábhair, a fhorbairt agus a dhoimhniú. Ní ghlacfar le hobair a bhraitheann ar an gcóipeáil ná ar an rianú.

CUR I gCRÍCH

Ba chóir na saothair chríochnaithe 2T agus 3T a fhorbairt ó na staidéir thacaíochta. Ba chóir na mic léinn a spreagadh chun taiscéaladh a dhéanamh ar acmhainní na healaíne, na meán agus na dteicnící a roghnaíonn siad.

STAIDÉIR THACAÍOCHTA

Is féidir na staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm fhíseach agus i bhfoirm scríofa. Ba chóir go mbeadh baint acu leis an obair 2T, 3T agus leis an Obair Roghnach, agus go neartóidís iad. Ba chóir scileanna sa bhreithmheas criticiúil agus sa mheastóireacht a fhorbairt.

Chun gur féidir a dhearbhú gur obair dhílis an iarrthóra féin atá sa tionscadal agus chun slánchúis an scrúdaithe a coimeád, nó mór don mhúinteoir ranga monatóireacht rialta a dhéanamh ar obair na mac léinn. Ní mór an tionscadal a chur i gcrích sa scoil faoi mhaoirseacht do mhúinteora agus NÍ CÓIR é a thabhairt amach as an scoil sula marcálfar an scrúdú i mí an Mheithimh.